Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2021
(OR. en)

5386/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0007 (NLE)**

**AVIATION 13**
**ICAO 4**
**IXIM 19**
**RELEX 28**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh mar fhreagra ar Litir Stáit ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le Leasú 28 ar Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh mar fhreagra ar Litir Stáit ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le Leasú 28 ar Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus pointe (a) d'Airteagal 87(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) arb é is aidhm dó aeriompar idirnáisiúnta a rialú, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit chonarthacha de Choinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad, cé gur stádas breathnóra atá ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle ICAO chun caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta (SARPanna) a ghlacadh.

(4) An 21 Nollaig 2017, chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) sa Rún 2396 (2017) uaidh go bhfuil Ballstáit na Náisiún Aontaithe chun an cumas a fhorbairt sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, ar mhaithe le SARPanna ICAO a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go n-úsáideann a n-údaráis inniúla náisiúnta uile na sonraí PNR agus go gcomhroinntear leo iad, agus lánurraim á thabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, chun cionta sceimhlitheoireachta agus taisteal gaolmhar a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

(5) D’áitigh Rún 2396 (2017) ó CSNA ar ICAO freisin oibriú leis na Stáit chonarthacha chun caighdeán a bhunú maidir le sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint.

(6) Leagtar amach na SARPanna maidir le PNR i Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Déantar comhlánú ar na SARPanna sin le treoir bhreise, go háirithe Doiciméad 9944 ICAO lena leagtar amach treoirlínte maidir le sonraí PNR.

(7) An 23 Meitheamh 2020, ghlac Comhairle ICAO Leasú 28 ar Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, ina leagtar amach tacar nua SARPanna do na Stáit chonarthacha chun a gcumas a fhorbairt chun sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint le haghaidh eitiltí chuig a gcríoch agus óna gcríoch ('Leasú 28'), agus creat iomchuí dlíthiúil agus riaracháin mar thacaíocht léi.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, ach amháin má chláraíonn tromlach de na Stáit chonarthacha a míshástacht, tiocfaidh éifeacht le Leasú 28 trí mhí tar éis an spriocdháta chun míshástacht a chlárú.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát Conarthach caighdeáin nó nósanna imeachta idirnáisiúnta den sórt sin a chomhlíonadh ar gach bealach nó más dofheidhmithe dó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta tar éis leasú ar an gcaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta sin, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tá an Stát sin le fógra láithreach a thabhairt do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta. Tá tionchar ag fógra faoi dhifríocht den sórt sin ar éifeachtaí dlíthiúla na gcaighdeán arna nglacadh ag ICAO. Dá bhrí sin, tá seasamh an Aontais maidir leis an ábhar le bunú i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(10) Tugadh fógra do na Stáit chonarthacha faoi Leasú 28 trí bhíthin Litir Stáit CE 6/3-20/71. De réir na litreach Stáit sin, tá fógra le tabhairt faoi aon difríocht i dtaca leis an leasú sin agus faoi chomhlíonadh an leasaithe sin faoin 30 Eanáir 2021.

(11) Tá comhrialacha maidir le sonraí PNR glactha ag an Aontais i dTreoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], treoir a bhfuil raon feidhme aici a bhfuil forluí mór ann leis an réimse atá cumhdaithe ag na SARPanna, arna athbhreithniú le Leasú 28. Tá tacar cuimsitheach rialacha, go háirithe, san áireamh i dTreoir (AE) 2016/681 chun coimirciú a dhéanamh ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint i gcomhthéacs aeriompróirí a bheith ag aistriú sonraí PNR chuig na Ballstáit agus i gcomhthéacs próiseáil sonraí den sórt sin chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

---

[1] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

(12) Tá reachtaíocht maidir le cosaint sonraí pearsanta glactha ag an Aontas freisin, eadhon Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], is infheidhme maidir le próiseáil sonraí PNR ag aeriompróirí agus ag oibreoirí príobháideacha eile agus ag údaráis atá inniúil maidir le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh agus pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear d'fhonn coimirciú a dhéanamh i gcoinne bagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc.

---

1 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

(13) Ina theannta sin, tá dhá chomhaontú idirnáisiúnta maidir le próiseáil agus aistriú sonraí PNR i bhfeidhm faoi láthair idir an tAontas agus tríú tíortha, eadhon an Astráil[1] agus na Stáit Aontaithe[2]. An 26 Iúil 2017 thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh Tuairim 1/15 maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpaigh i ndáil le sonraí PNR a aistriú agus a phróiseáil, a síníodh an 25 Meitheamh[3] ('Tuairim 1/15').

(14) Maidir leis na gnéithe a bhaineann le PNR de Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, arna athbhreithniú le Leasú 28, baineann siad le réimse a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith de bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, toisc go bhféadfadh Leasú 28difear a dhéanamh do na comhrialacha maidir le sonraí PNR a chosaint agus a phróiseáil.

---

1 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d'aistriú sonraí taifid ainmneacha paisinéirí (PNR) chuig Seirbhís Custam agus Cosanta Teorann na hAstráile (IO L 186, 14.7.2012, lch. 4).

2 Comhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le taifid ainmneacha paisinéirí a úsáid agus a aistriú chuig Roinn Slándála Dúiche na Stát Aontaithe (IO L 215, 11.8.2012, lch. 5).

3 Tuairim 1/13 ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 26 Iúil 2017 (Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada i dtaca le Taifid Ainmneacha Paisinéirí ), ECLI:EU:C:2017:592.

(15) Dá réir sin, is i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle[1] a rinneadh seasamh an Aontais maidir leis an ábhar seo, chun Leasú 28 a ullmhú. Léiríonn an seasamh sin ceanglais dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta agus aistrithe sonraí PNR chuig tríú tíortha, arna bhunú leRialachán (AE) 2016/679, Treoir (AE) 2016/680 agus Treoir (AE) 2016/681, chomh maith leis na ceanglais sin a eascraíonn as an gCairt/atá mar thoradh ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh mar a léirmhíníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iad, go háirithe i dTuairim 1/15.

(16) Is i gcomhréir, den chuid is mó, le seasamh an Aontais a chumhdaítear i gCinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle atá na SARPanna, arna athbhreithniú leLeasú 28, agus leagtar síos iontu coimircí uaillmhianacha maidir le cosaint sonraí, go háirithe maidir le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, maoirseacht ag údarás neamhspleách, sonraí íogaire, próiseáil uathoibríoch sonraí PNR agus neamh-idirdhealú, cuspóirí a bhféadfar sonraí PNR a phróiseáil ina leith, agus sonraí PNR a choinneáil, a úsáid, a nochtadh agus a aistriú tuilleadh.

(17) Dá bhrí sin, ós rud é go bhféadfaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta le Leasú 28 maidir leis na caighdeáin chun sonraí PNR a chosaint, níor chuir Ballstáit an Aontais aon mhíshásamh in iúl faoi Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago.

---

[1] Cinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle an 28 Samhain 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i dtaca leis an athbhreithniú ar Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 (Saoráil) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta i leith caighdeán agus cleachtas molta i ndáil le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (IO L 318, 10.12.2019, lch. 117).

(18) Mar sin féin, tá na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais i ndáil le haistriú agus próiseáil sonraí PNR níos beaichte ná na SARPanna, arna athbhreithniú le Leasú 28.

(19) Ceanglaíonn Caighdeán 9.34(a), mar a leagtar amach i Leasú 28 é, ar Stáit chonarthacha gan bac ná cosc a chur ar aistriú sonraí PNR chuig Stát conarthach eile a chomhlíonann na SARPanna. Cé go gcoinníonn na Stáit chonarthacha, de réir Chaighdeán 9.34(b), mar a leagtar amach i Leasú 28 é, an cumas leibhéil níos airde cosanta a choinneáil nó a thabhairt isteach i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil agus riaracháin intíre, agus socruithe breise a dhéanamh le Stáit chonarthacha eile d'fhonn forálacha níos mionsonraithe a bhunú maidir le haistriú sonraí PNR, níl teanga reatha Chaighdeán 9.34 soiléir go leor i dtéarmaí dlíthiúla, ó thaobh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát de, chun a áirithiú nach gcuirfear cosc ar na Ballstáit na ceanglais níos beaichte sin a fhorchur.

(20) Sna himthosca sin, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais agus na SARPanna, is ceart do na Ballstáit, mar fhreagra ar Litir Stáit CE 6/3-20/71, fógra foirmiúil a thabhairt faoi dhifríocht de réir bhrí Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. Is ceart aon difríocht den sórt sin a bheith teoranta do Chaighdeán 9.34 i Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Chicago, arna athbhreithniú le Leasú 28.

(21) Is iomchuí, dá bhrí sin, seasamh an Aontais atá le glacadh a bhunú.

(22) Ba cheart do na Ballstáit seasamh an Aontais a chur in iúl.

(23) Tá Éire faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/681 agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(24) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfaidh Ballstáit an Aontais an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar Litir Stáit CE 6/3-20/71, a d'eisigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta an 17 Iúil 2020[1] a chur in iúl.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 5457/21 ar http://register.consilium.europa.eu.